C/2025/2981

26.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11954 — SOLINA / PORTOBELLO / EUROCEBOLLAS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2981)

1. An 16 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Solina France SASU ('Solina', an Fhrainc), faoi rialú Astorg Asset Management S.à r.l. ('Astorg', an Fhrainc),

— Portobello Capital Gestion, SGEIC, S.A. ('Portobello', an Spáinn)

— Solions Ingredients, S.L. ('Eurocebollas', an Spáinn), faoi rialú Grupo Alimentario Alberola S.L.U. ('GAA', an Spáinn) agus Portobello.

Gheobhaidh Solina agus Portobello rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Eurocebollas.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Fhrancach í Solina atá gníomhach i soláthar comhábhar aramatach agus feidhmiúil don tionscal próiseála bia, agus do chustaiméirí seirbhísí lónadóireachta agus miondíola bia, agus i dtionscal an chothaithe san Eoraip,

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh meánmhargaidh neamhspleách Spáinneach é Portobello.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Eurocebollas: tuaslagáin agus comhábhair glasraí atá réidh le húsáid a dhearadh, a fhorbairt, a tháirgeadh agus a thráchtálú sa Spáinn.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11954 — SOLINA / PORTOBELLO / EUROCEBOLLAS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË